CINNTÍ

CINNEADH (CBES) 2021/855 ÓN gCOMHAIRLE

an 27 Bealtaine 2021

lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Siria

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Bealtaine 2013, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/255/CBES ([1]).

(2) An 28 Bealtaine 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/719 ([2]), lena gcuirtear síneadh leis na bearta sriantacha a leagtar amach i gCinneadh 2013/255/CBES go dtí an 1 Meitheamh 2021.

(3) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh 2013/255/CBES, ba cheart síneadh a chur leis na bearta sriantacha a leagtar amach ann go dtí an 1 Meitheamh 2022.

(4) Ba cheart na hiontrálacha do 25 dhuine nádúrtha agus do thrí eintiteas atá i liosta na ndaoine nádúrtha agus dlíthiúla, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES a thabhairt suas chun dáta.

(5) Ba cheart na hiontrálacha do chúigear atá éagtha a scriosadh ó liosta na ndaoine nádúrtha agus dlíthiúla, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2013/255/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 34:

"Airteagal 34

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 1 Meitheamh 2022. Déanfar athbhreithniú leanúnach air. Féadfar é a athnuachan, nó a leasú de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nár comhlíonadh a chuspóirí.";

(2) leasaítear Iarscríbhinn I mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) Cinneadh 2013/255/CBES ón gComhairle an 31 Bealtaine 2013 maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Siria (IO L 147, 1.6.2013, lch. 14).

([2]) Cinneadh (CBES) 2020/719 ón gComhairle an 28 Bealtaine 2020 lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Siria (IO L 168, 29.5.2020, lch. 66).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Bealtaine 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
P. SIZA VIEIRA

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES mar a leanas:

(1) i Roinn A (Daoine), scriostar na hiontrálacha seo a leanas:

115. General Ali Habib MAHMOUD;

153. Waleed AL MO'ALLEM;

180. Ahmad AL-QADRI;

274. Nader QALEI;

281. Mohammad Maen Zein Jazba AL-ABIDIN;

(2) i Roinn A (Daoine), cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad na n-iontrálacha comhfhreagracha sa liosta:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
"14.	Brigadier General Mohammed BILAL (ar a dtugtar freisin Lieutenant Colonel Muhammad Bilal)	Inscne: fireann	Ina cháil mar oifigeach sinsearach sa Syrian Air Force Intelligence Service, tacaíonn sé le réimeas na Siria agus tá sé freagrach as an gcur faoi chois le foréigean ar an bpobal sibhialtach. Tá baint aige freisin leis an Scientific Studies Research Centre (SSRC), eintiteas liostaithe.	21.10.2014
22.	Ihab MAKHLOUF (ar a dtugtar freisin Ehab, Iehab) (ايهاب مخلوف)	Dáta Breithe: 21.1.1973; Áit bhreithe: Damascus, Syria; Uimh. an phas: N002848852; Inscne: fireann	Mórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria. Tá leasanna gnó aige i roinnt cuideachtaí agus eintiteas sa tSiria, lena n-áirítear Ramak Construction Co agus an Syrian International Private University for Science and Technology (SIUST). Is duine mór le rá é de theaghlach Makhlouf agus tá dlúthcheangal aige le teaghlach Assad; col ceathrar leis an Uachtarán Bashar al-Assad. In 2020, chuaigh Ehab Makhlouf i gceannas ar ghníomhaíochtaí gnó Rami Makhlouf agus bhronn rialtas na Siria na conarthaí dó na margaí atá saor ó dhleacht ar fud na tíre a oibriú agus a bhainistiú.	23.5.2011
48.	Samir HASSAN (سمير حسن)	Inscne: fireann	Mórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria ag a bhfuil leasanna agus/nó gníomhaíochtaí aige san iliomad earnálacha i ngeilleagar na Siria. Tá leasanna aige agus/nó tá tionchar suntasach aige in Amir Group agus in Cham Holding, dhá ilchuideachta a bhfuil leasanna acu in earnálacha na réadmhaoine, na turasóireachta, an iompair agus an airgeadais. Uachtarán ar chomhairle gnó na Siria-na Rúise. Tacaíonn Samir Hassan le hiarrachtaí cogaidh réimeas na Siria trí thabhartais airgid. Tá baint ag Samir Hassan le daoine a bhaineann tairbhe as an réimeas nó a thacaíonn leis. Go háirithe, tá baint aige le Rami Makhlouf agus Issam Anbouba, atá ainmnithe ag an gComhairle agus a bhaineann tairbhe as réimeas na Siria.	27.9.2014
61.	George CHAOUI (جورج شاوي)	Inscne: fireann	Comhalta d'arm leictreonach na Siria (seirbhís faisnéise an airm chríochaigh). Rannpháirteach sa chniogbheartaíocht fhoréigneach agus san iarraidh ar fhoréigean i gcoinne an phobail shibhialtaigh ar fud na Siria.	14.11.2011
78.	Ali BARAKAT (ar a dtugtar freisin Barakat Ali Barakat) (علي بركات; بركات علي بركات)	Inscne: fireann	Oifigeach míleata a raibh baint aige leis an bhforéigean in Homs. Is ionadaí faoi láthair é sa 30th Mobile Infantry Division of the Republican Guard.	1.12.2011

96.	Brigadier General Jamal YUNES (ar a dtugtar freisin Younes) (جمال يونس)	Post: Ceannasaí an 555ú Reisimint; Inscne: fireann	Thug sé orduithe do thrúpaí scaoileadh le hagóidithe in Mo'adamiyeh. Ceann an Military Security Committee in Hama in 2018.	23.1.2012
114.	Emad Abdul-Ghani SABOUNI (ar a dtugtar freisin Imad Abdul Ghani Al Sabuni) (عماد عبدالغني صابوني)	Dáta Breithe: 1964; Áit bhreithe: Damascus, Syria; Inscne: fireann	Iar-Aire Teileachumarsáide agus Teicneolaíochta, a bhí in oifig go dtí mí Aibreáin 2014 ar a laghad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach. I mí Iúil 2016 a ceapadh é mar Cheann an Planning and International Cooperation Agency (PICC). Is gníomhaireacht rialtais é PICC atá cleamhnaithe leis an bPríomh-Aireacht agus táirgeann sé, go háirithe, na pleananna 5 bliana a sholáthraíonn na mór-threoirlínte do bheartais eacnamaíocha agus forbartha an Rialtais.	27.2.2012
117.	Adnan Hassan MAHMOUD (عدنان حسن محمود)	Dáta Breithe: 1966; Áit bhreithe: Tartous, Syria; Inscne: fireann	Iar-Ambasadóir na Siria chun na hIaráine go dtí 2020. Iar-Aire Faisnéise a bhí i gcumhacht tar éis mhí na Bealtaine 2011. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	23.9.2011
132.	Brigadier General Abdul-Salam Fajr MAHMOUD (عبدالسلام فجر محمود)	Dáta Breithe: 1959 Inscne: fireann	Ceann ar an Security Committee of the Southern Region ó Nollaig 2020. Iar-Cheann ar an Bab Tuma (an Damaisc) Branch den Syrian Air Force Intelligence Service. Iar-Cheann Mezze Airport Air Force intelligence investigation branch. Freagrach as lucht freasúra faoi choimeád a chéasadh. Faoi ghabháil idirnáisiúnta le haghaidh 'comhpháirteachas i ngníomhaíochtaí ceastóireachta', 'comhpháirteachas i gcoireanna in aghaidh na daonnachta' agus 'comhpháirteachas i gcoireanna cogaidh'.	24.7.2012
134.	Colonel Qusay Ibrahim MIHOUB (قصي إبراهيم ميهوب)	Dáta Breithe: 1961; Áit bhreithe: Derghamo, Jableh, Lattakia, Syria; Inscne: fireann	Oifigeach ardrangaithe ag an Syrian Air Force Intelligence Service. Iar-Cheann chraobh Deraa de sheirbhís faisnéise an aerfhórsa (a seoladh ón Damaisc go Deraa ag tús na léirsithe ansin). Freagrach as lucht freasúra faoi choimeád a chéasadh mar aon le hagóidithe síochánta i réigiún an deiscirt a chur faoi chois le foréigean.	24.7.2012
137.	Brigadier General Ibrahim MA'ALA (ar a dtugtar freisin Maala, Maale, Ma'la) معلى;معلا (ابراهيم)	Inscne: fireann	Ceann Branch 285 (an Damaisc) den General Intelligence Directorate (a tháinig in ionad Brigadier General Hussam Fendi ag deireadh 2011). Freagrach as lucht freasúra faoi choimeád a chéasadh.	24.7.2012

139.	Major General Hussam LUQA (ar a dtugtar freisin Husam, Housam, Houssam; Louqa, Louca, Louka, Luka) (حسام لوقا)	Dáta Breithe: 1964; Áit bhreithe: Damascus, Syria; Inscne: fireann	Iar-Cheann ar an Security Committee of the Southern Region ó 2018 go dtí 2020. Iar-Cheann an General Security Directorate. Maor-Ghinearál. Ó mhí Aibreáin 2012 go dtí an 2.12.2018, bhí sé ina cheann ar chraobh Homs den Political Security Directorate (tháinig i gcomharbacht ar Brigadier General Nasr al-Ali). Ón 3.12.2018 i leith, ceann an Political Security Directorate. Freagrach as lucht freasúra faoi choimeád a chéasadh.	24.7.2012
140.	Brigadier General TAHA (طه طه)	Inscne: fireann	Deputy assistant to the Head of the Political Security Division. Bainisteoir láithreáin chraobh Latakia den Political Security Directorate. Freagrach as lucht freasúra faoi choimeád a chéasadh.	24.7.2012
144.	Major General Ahmed AL-JARROUCHEH (ar a dtugtar freisin Ahmad; al-Jarousha, al-Jarousheh, al-Jaroucha, al-Jarouchah, al-Jaroucheh) (احمد الجروشة)	Dáta Breithe: 1957; Inscne: fireann	Iar-cheann chraobh eachtrach de chuid sheirbhís na Faisnéise Ginearálta (Branch 279). Dá réir sin, freagrach as socruithe maidir le Faisnéis Ghinearálta in ambasáidí na Siria.	24.7.2012
146.	General Ghassan Jaoudat ISMAIL (ar a dtugtar freisin Ismael) (غسان جودت اسماعيل)	Dáta Breithe: 1960; Áit bhreithe: Junaynat Ruslan – Darkoush, Tartous region, Syria; Inscne: fireann	Ceann an Syrian Air Force Intelligence Service ó 2019 i leith. Iarleas-stiúrthóir an Air Force Intelligence Service agus a bhí i gceannas ar chraobh misean sheirbhís faisnéise an aerfhórsa, a dhéanann bainistiú, i gcomhar le craobh na n-oibríochtaí speisialta, ar thrúpaí scothaicme sheirbhís faisnéise an aerfhórsa, a mbíonn ról tábhachtach acu sa bhrú faoi chois a dhéanann réimeas na Siria. Mar sin, tá Ghassan Jaoudat Ismail ar cheann de na ceannairí míleata is mó a chuireann chun feidhme go díreach an cur faoi chois foréigneach atá á dhéanamh ag réimeas na Siria ar lucht an fhreasúra chomh maith leis na cleachtais a bhaineann le dul ar iarraidh sibhialtach.	24.7.2012
147.	Major General Amer AL-ACHI (ar a dtugtar freisin Amer Ibrahim al-Achi; Amis al Ashi; Ammar Aachi; Amer Ashi) (عامر ابراهيم العشي)	Inscne: fireann	Iar-Ghobharnóir ar Ghobharnóireacht Sweida, ceaptha ag an Uachtarán Bashar al-Assad i mí Iúil 2016. Iar-Cheann ar chraobh faisnéise ghníomhaireacht faisnéise an Syrian Air Force Intelligence Service (2012-2016). Trína ról san Air Force Intelligence Service, luaitear Amer al-Achi leis an gcur faoi chois atá á dhéanamh ar fhreasúra na Siria.	24.7.2012
156.	Hala Mohammad (ar a dtugtar freisin Mohamed, Muhammad, Mohammed) AL NASSER (هاله محمد الناصر)	Dáta Breithe: 1964; Áit bhreithe: Raqqa, Syria; Inscne: baineann	Iar-Aire Turasóireachta. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2012

172.	Ali HADAR (ar a dtugtar freisin HAIDAR)	Dáta Breithe: 1962; Inscne: fireann	Ceann an National Reconciliation Agency agus iarAire Stáit Athmhuintearais Náisiúnta. Cathaoirleach ar an sciathán Intifada den Syrian Social Nationalist Party. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2012
204.	Emad HAMSHO (ar a dtugtar freisin Imad Hmisho; Hamchu; Hamcho; Hamisho; Hmeisho; Hemasho, حميشو) (حمشو عماد)	Seoladh: Hamsho Building 31 Baghdad Street Damascus, Syria; Inscne: fireann	Tá post bainistíochta sinsearaí aige in Hamsho Trading. I ngeall ar an bpost sinsearach atá aige in Hamsho Trading, fochuideachta de Hamsho International, atá ainmnithe ag an gComhairle, tugann sé tacaíocht do réimeas na Siria. Tá Hamsho Trading bainteach mar sin le heintiteas ainmnithe, Hamsho International. Tá sé ina leas-uachtarán freisin ar an Syrian Council of Iron and Steel in éineacht le fir ghnó ainmnithe de chuid an réimis amhail Ayman Jaber. Is comhlach é le hUachtarán Bashar al-Assad freisin.	7.3.2015
241.	Salam Mohammad AL-SAFFAF	Dáta Breithe: 1979; Inscne: baineann	An tAire Forbartha Riaracháin. I mí an Mhárta 2017 a ceapadh.	30.5.2017
265.	Mohamad Amer MARDINI (ar a dtugtar freisin Mohammad Amer Mardini, Mohamed Amer MARDINI, Mohamad Amer AL-MARDINI, Mohamed Amer AL-MARDINI, Mohammad Amer AL-MARDINI)	Dáta Breithe: 1959; Áit bhreithe: Damascus, Syria; Inscne: fireann	Iar-Aire Ardoideachais a bhí i gcumhacht tar éis mhí na Bealtaine 2011 (27.8.2014 a ceapadh). Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	21.10.2014
268.	Ghassan Ahmed GHANNAM (ar a dtugtar freisin Major General Ghassan Ghannan, Brigadier General Ghassan Ahmad Ghanem)	Grád: Major General; Post: Ceannasaí an 155ú Briogáid Diúracán; Inscne: fireann	Comhalta de na Syrian Armed Forces ar chéim Colonel agus a chomhionann nó níos airde sa phost tar éis mhí na Bealtaine 2011. Maor-Ghinearál agus Ceannasaí an 155ú Briogáid Diúracán. Bhí baint aige, i ngeall ar an ról a bhí aige sa 155ú Briogáid Diúracán, le Maher al-Assad. Ina cháil mar Cheannasaí ar an 155ú Briogáid Diúracán, tá sé ag tacú le réimeas na Siria agus freagrach as an bpobal sibhialtach a chur faoi chois go foréigneach. Bhí sé freagrach as diúracáin scud a scaoileadh ag láithreacha sibhialta éagsúla idir mí Eanáir agus mí an Mhárta 2013.	21.10.2014
285.	Samer FOZ (ar a dtugtar freisin Samir Foz /Fawz; Samer Zuhair Foz; Samer Foz bin Zuhair) (سامر فوز)	Dáta Breithe: 20 Bealtaine 1973; Áit bhreithe: Homs, Syria / Latakia, Syria; Náisiúntachtaí: Siriach, Turcach;	Ar dhuine de na daoine is mó ón lucht gnó atá ag feidhmiú sa tSiria agus ag a bhfuil leasanna agus gníomhaíochtaí san iliomad earnálacha i ngeilleagar na Siria, lena n-áirítear comhfhiontar dar taca an réimeas atá páirteach i bhforbraíocht Marota City, sófhorbraíocht chónaithe agus tráchtála. Soláthraíonn Samer Foz tacaíocht airgeadais agus tacaíocht eile do réimeas na Siria, lena n áirítear Military	21.1.2019

		Uimhir an phas Turcach: U 09471711 (áit eisiúna: an Tuirc; dáta éaga: 21.7.2024); Uimhir náisiúnta na Siria: 06010274705 Seoladh: Platinum Tower, office no. 2405, Jumeirah Lake Towers, Dubai, UAE Post: Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Aman Group; Inscne: fireann	Security Shield Forces sa tSiria a chistiú agus margaí gráin a shocrú. Ina theannta sin, baineann sé tairbhe airgeadais as rochtain ar dheiseanna tráchtála trí thrádáil na cruithneachta agus tionscadail atógála mar thoradh ar na naisc atá aige leis an réimeas.	
		Faisnéis eile: Uachtarán Feidhmiúcháin Aman Group. Fochuideachtaí: Foz for Trading, Al-Mohaimen for Transportation & Contracting. Is é Aman Group an comhpháirtí earnála príobháidí in joint venture Aman Damascus JSC mar aon le Damascus Cham Holding, cuideachta inar scairshealbhóir aonair é Foz. Is comhfhiontar Emmar Industries idir Aman Group agus Hamisho Group, ina bhfuil an bun tromlaigh ag Foz agus arb é an cathaoirleach air.		
291.	Amer FOZ (ar a dtugtar freisin Amer Zuhair Fawz) (عامر فوز)	Dáta Breithe: 11.3.1976; Náisiúntacht: Siriach; Saint Kitts and Nevis; Uimh. Náisiúnta: 06010274747; Uimhir phas: 002-14-L169340 Cárta cónaithe UAE: 784-1976-7135283-5	Duine mór gnó a bhíonn i mbun leasanna agus gníomhaíochtaí pearsanta agus teaghlaigh i gcúrsaí gnó san iliomad earnálacha i ngeilleagar na Siria. Baineann sé tairbhe airgeadais as rochtain ar dheiseanna tráchtála agus tacaíonn sé le réimeas na Siria. Idir 2012 agus 2019, bhí sé ina Bhainisteoir Ginearálta ar ASM International Trading LLC. Tá baint aige freisin lena dheartháir Samer Foz, arna ainmniú ag an gComhairle ó Eanáir 2019 mar phríomhphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria, de bharr na tacaíochta a thugann sé don réimeas agus de bharr na tairbhe a bhaineann sé as. In éineacht lena dheartháir, cuireann sé roinnt tionscadal tráchtála chun feidhme, go háirithe i gceantar Adra al-Ummaliyya (bruachbhailte na Damaisce). I measc na dtionscadal sin, tá monarcha a mhonaraíonn cáblaí agus gabhálais chábla chomh maith le tionscadal chun leictreachas a tháirgeadh ag baint úsáid as cumhacht na gréine. Ina theannta sin, bhí siad i mbun gníomhaíochtaí éagsúla le ISIL (Da'esh) thar ceann réimeas Assad, lena n-áirítear airm agus armlón a sholáthar mar mhalairt ar chruithneacht agus ola.	17.2.2020

		Post: Bunaitheoir District 6 Company; Comhpháirtí bunaitheora Easy life Company; Gaolta/comhlaigh ghnó/eintitis nó comhpháirtithe/naisc: Samer Foz; Leas-Chathaoirleach Asas Steel Company; Aman Holding; Inscne: fireann		
295.	Adel Anwar AL-OLABI (ar a dtugtar freisin Adel Anouar el-Oulabi, Adil Anwar al-Olabi) (عادل أنور العلبي)	Dáta Breithe: 1976; Náisiúntacht: Siriach; Post: Cathaoirleach ar Damascus Cham Holding Company (DCHC); Gobharnóir na Damaisce; Inscne: fireann	Mórphearsa ghnó atá ag baint tairbhe as réimeas na Siria agus ag tacú leis. Cathaoirleach ar Damascus Cham Holding Company (DCHC), géag infheistíochta de chuid ghobharnóireacht na Damaisce chun maoin ghobharnóireacht na Damaisce a bhainistiú agus tionscadal Marota City a chur i ngníomh. Anuas air sin, is é Adel Anwar al-Olabi Gobharnóir na Damaisce, arna cheapadh ag Uachtarán Bashar al-Assad i mí na Samhna 2018. Ina cháil mar Ghobharnóir ar an Damaisc agus Cathaoirleach ar DCHC, is é atá freagrach as iarrachtaí chun beartais an réimis a chur chun feidhme maidir le talamh a díshealbhaíodh a fhorbairt sa Damaisc (lena n-áirítear Foraithne Uimh. 66 agus Dlí Uimh. 10), go háirithe trí thionscadal Marota City.	17.2.2020”;

(3) i Roinn B (Eintitis), cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad na n-iontrálacha comhfhreagracha sa liosta:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
“1.	Bena Properties	Cham Holding Building, Daraa Highway, Ashrafiyat Sahnaya Rif Dimashq, Syria, P.O.Box 9525	Á rialú ag Rami Makhlouf. An chuideachta réadmhaoine is mó sa tSiria agus fochuideachta réadmhaoine agus infheistíochta Cham Holding; soláthraíonn sé cistiú do réimeas na Siria.	23.6.2011
77.	Al Qatarji Company (ar a dtugtar freisin Qatarji International Group; Al-Sham and Al-Darwish Company; Qatirji/Khatirji/Katarji/Katerji Group) (مجموعة/شركة قاطرجي)	Cineál eintitis: cuideachta phríobháideach; Earnáil ghnó: allmhairiú/onnmhairiú; cuideachta trucaile; ola agus tráchtearraí a sholáthar; Ainm an Stiúrthóra/an Bhainistíocht: Hussam al-Qatirij, CEO (arna ainmniú ag an gComhairle);	Cuideachta mór le rá atá ag feidhmiú in earnálacha éagsúla i ngeilleagar na Siria. Sin trí thrádáil breosla, arm agus armlóin a éascú idir an réimeas agus gníomhaithe éagsúla, lena n-áirítear ISIL (Da’esh) faoi scáth earraí bia a allmhairiú agus a onnmhairiú, trí thacú le mílístí atá ag troid i dteannta an réimis agus trí bhuntáiste a bhaint as an gceangal atá aici leis an réimeas chun a gníomhaíochtaí tráchtála féin a leathnú, tacaíonn Al Qatarji Company – dar ceann feadhna an duine ainmnithe Hussam al-Qatirji agus ar comhalta é de Thionól Mhuintir na Siria – le réimeas na Siria agus baineann sí leas as an réimeas sin.	17.2.2020

		Úinéir tairbhiúil deiridh: Hussam al-Qatirij (arna ainmniú ag an gComhairle); Seoladh cláraithe: Mazzah, Damascus, Syria; Gaolta/comhlaigh ghnó/eintitis nó comhpháirtithe/naisc: Arvada/Arfada Petroleum Company JSC		
78.	Damascus Cham Holding Company (ar a dtugtar freisin Damascus Cham Private Joint Stock Company) (القابضة الشام دمشق)	Cineál eintitis: cuideachta atá faoi úinéireacht phoiblí faoin dlí príobháideach; An earnáil gnó: forbairt réadmhaoine; Ainm an Stiúrthóra/an Bhainistíocht: Adel Anwar al-Olabi, cathaoirleach Bhord na Stiúrthóirí agus Gobharnóir ar an Damaisc (arna ainmniú ag an gComhairle); Úinéir tairbhiúil deiridh: Gobharnóireacht na Damaisce;	Ba é an réimeas a bhunaigh Damascus Cham Holding Company, mar ghéag infheistíochta de Ghobharnóireacht na Damaisce chun maoin ghobharnóireacht na Damaisce a bhainistiú agus tionscadal Marota City a chur chun feidhme — tionscadal réadmhaoine galánta as talamh a díshealbhaíodh uathu siúd a díshealbhaíodh faoi Fhoraithne Uimh. 66 agus Dlí Uimh. 10 go háirithe. Trí bhainistiú a dhéanamh ar chur chun feidhme Marota City, tacaíonn Damascus Cham Holding (dar cathaoirleach Gobharnóir na Damaisce) le réimeas na Siria agus baineann sí tairbhe as an réimeas sin agus soláthraíonn sí sochair do lucht gnó a bhfuil dlúthcheangal acu leis an réimeas agus a bhfuil margaí brabúsacha déanta acu leis an eintiteas sin trí chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí.	17.2.2020".
		Gaolta/comhlaigh ghnó/eintitis nó comhpháirtithe/naisc: Rami Makhlouf (arna ainmniú ag an gComhairle); Samer Foz (arna ainmniú ag an gComhairle); Mazen Tarazi (arna ainmniú ag an gComhairle); Talas Group, atá faoi úinéireacht an fhir gnó, Anas Talas (arna ainmniú ag an gComhairle); Khaled al-Zubaidi (arna ainmniú ag an gComhairle); Nader Qalei (arna ainmniú ag an gComhairle)		